Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14847/22**

**TRANS 713**
**MAR 210**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13651/22 |
| Ábhar: | **Ullmhúchán do chruinniú den Chomhairle (<u>Iompar</u>, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an 5 Nollaig 2022**<br>Dréacht-Chonclúidí ón gcomhairle maidir le 'Forbairt reatha an iompair ar uiscebhealaí intíre (NAIADES III)'<br>– Formheas |

## I. <u>RÉAMHRÁ</u>

1. Modh iompair inbhuanaithe is ea iompar ar uiscebhealaí intíre, modh iompair nach bhfuil chomh plódaithe sin agus is féidir ról lárnach a bheith aige maidir le hiarrachtaí an Aontais a córas iompair a dhícharbónú. Is mian le hUachtaránacht na Seicia aird a tharraingt ar an tairbhe atá le baint as uiscebhealaí intíre agus béim á leagan aici ag an am céanna freisin ar na dúshláin atá roimh an earnáil sin.

2. Dá bhrí sin, chinn an Uachtaránacht conclúidí ón gComhairle maidir leis an acmhainneacht fáis sa mhodh iompair seo a fhorbairt.

## II. <u>AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE</u>

3. Bunaithe ar thogra a dhréachtaigh an Uachtaránacht, phléigh agus d'fhorbair an <u>Mheitheal um Loingseoireacht</u> téacs na ndréachtchonclúidí ag na cruinnithe a bhí aici an 5, an 12 agus an 26 Meán Fómhair agus an 3 Deireadh Fómhair 2022.

4. Ina dhiaidh sin, cuireadh an dréacht faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe, agus dhearbhaigh an Coiste, ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Samhain, gur tháinig sé ar chomhaontú faoi na dréachtchonclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo agus chinn sé iad a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 5 Nollaig 2022 lena bhformheas.

## III. CONCLÚID

5. Iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí maidir le forbairt reatha an iompair ar uiscebhealaí intíre (NAIADES III), mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a fhormheas.

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FORBAIRT REATHA AN IOMPAIR AR UISCEBHEALAÍ INTÍRE (NAIADES III)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip[1];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis um tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí]2;

– na Conclúidí ón gComhairle an 3 Nollaig 2018 maidir le hiompar ar uiscebhealaí intíre – ní hacmhainn go cur chun cinn!3;

– na conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 dar teideal 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: I dtreo earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch'4;

– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *'NAIADES III: Boosting future-proof European inland waterway transport'* [NAIADES III: Borradh a chur faoin iompar ar uiscebhealaí intíre san Eoraip a sheasfaidh an aimsir]5;

– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Plean teagmhasach iompair'6;

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[7];

1 15051/19 + ADD 1.
2 14012/20 + ADD 1.
3 15144/18.
4 8648/20.
5 10214/1/21 REV 1.
6 9490/1/22.
7 8219/20 + ADD 1.

Á MHEABHRÚ DI Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus
Á CHUR I dTÁBHACHT DI an tábhacht a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide;

Á AITHINT DI obair leanúnach agus inniúlachtaí an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR), Choimisiún na Danóibe, an Choiste Eorpaigh um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI), agus Choimisiún Idirnáisiúnta Abhantraí Sava, Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) agus Straitéis AE do réigiún na Danóibe (EUSDR), chomh maith le heagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta eile in earnáil na loingseoireachta intíre;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhaontú Glas don Eoraip cuid mhór den lasta intíre a iompraítear de bhóthar a aistriú chuig iarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre, agus
ÓS DÍOL SÁSAIMH DI sprioc na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste maidir le huiscebhealaí intíre a fhorbairt feadh chonairí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN T) agus i gcathracha inmheánacha ina bhfuil sé tábhachtach an míle deiridh den lóistíocht cathrach a ghlasú;

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an plé ar na tograí maidir le bonneagar breoslaí malartacha agus maidir leis an athbhreithniú ar threoirlínte an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair maidir le huiscebhealaí intíre a fhorbairt agus a fheabhsú, plé as a dtiocfaidh iompar ar uiscebhealaí intíre a bheidh níos inbhuanaithe agus níos athléimní;

Á THABHAIRT DÁ hAIRE an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) athbhreithnithe do na blianta 2021-2027, chomh maith leis an gclár Fís Eorpach;

1. AITHNÍONN SÍ sí a thábhachtaí atá an t-iompar ar uiscebhealaí intíre ar an gconair i dtreo na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha mar mhodh iompair inbhuanaithe nach bhfuil chomh plódaithe sin, agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá leis an acmhainneacht a fhorbairt go hiomlán ar bhealach inbhuanaithe, céim ar chéim nithiúil agus trí bhearta iomchuí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus iomaíochas an iompair á áirithiú ag an am céanna.

2. AITHNÍONN SÍ gur gá na cúinsí éagsúla sna Ballstáit a chur san áireamh maidir le hacmhainneacht na n-uiscebhealaí intíre.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic le tionchar an iompair ar uiscebhealaí intíre ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol agus *vice versa* trí bhíthin taighde tiomnaithe agus infheistíochtaí nasctha.

4. AITHNÍONN SÍ an tionchar mór atá ag an athrú aeráide ar iompar ar uiscebhealaí intíre, go háirithe ar inseoltacht, ar oibríochtaí agus ar bhainistiú uisce, mar a léirítear leis na hathruithe atá ar leibhéal na screamhuisce ach freisin leis na triomaigh mhóra agus na tréimhsí báistí troma a bhí ann le blianta beaga anuas, agus CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le hinseoltacht a fheabhsú tríd an Stádas Maith Loingseoireachta a chur chun feidhme i gcomhréir le treoirlínte TEN-T.

5. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag iompar ar uiscebhealaí intíre i ndí-phlódú ceirtleán uirbeach agus i loingsiú earraí troma agus méideanna móra d'ábhar tógála tábhachtach, táirgí talmhaíochta, cruach, ceimiceacha agus fuinnimh, lena n-áirítear earraí Úcránacha a onnmhairiú trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta, go háirithe ar an Danóib.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dul i ngleic leis na scrogaill riaracháin agus bonneagair uile atá fós ann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus dlí an chomhshaoil á urramú san am céanna, d'fhonn éifeachtúlacht agus acmhainn an iompair ar uiscebhealaí intíre a mhéadú agus loingseoireacht shábháilte a áirithiú i gcoitinne.

7. TÁ SÍ AG DÍRIÚ ar bhunchlocha an iompair éifeachtaigh ar uiscebhealaí intíre agus ar an ngá atá le tuilleadh forbartha agus comhordaithe sna réimsí seo a leanas:

- athnuachan cabhlaigh, i gcás inarb iomchuí, chun éifeachtúlacht iompair níos fearr, oibriú eacnamaíoch soithí beaga agus, i gcás inar féidir, soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a bhaint amach, oiriúnú d'uiscí éadomhain, agus é á chur san áireamh gur gá dícharbónú a dhéanamh ar an iompar agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, sábháilteacht na loingseoireachta trí dhálaí comhshaoil áitiúla gach uiscebhealach intíre ar leith a urramú agus a chosaint;

- bonneagar atá iontaofa, inbhuanaithe agus dea-chothabháilte ar bhonn leanúnach, agus inseoltacht atá leordhóthanach, agus atá indéanta go heacnamaíoch, go háirithe le linn tréimhsí íseal-uisce, agus lean n-áirithítear naisc thapa le modhanna eile iompair;

- ionaid oibre shábháilte shlána d'oibrithe, fiú i gcásanna gan choinne amhail paindéim COVID-19;

- digitiú chun tacú le forbairt gach a bhfuil thuas chomh maith le huathoibriú, agus éifeachtúlacht fuinnimh agus trealamh so-athchúrsáilte á gcur san áireamh ag an am céanna.

8. TACAÍONN SÍ le hullmhú agus glacadh caighdeán maidir le ceanglais theicniúla, cáiliú criú agus teicneolaíocht faisnéise ag CESNI, agus tacaíonn sí freisin le forbairt caighdeán teicniúil maidir le húsáid breoslaí malartacha, teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus astaíochtaí nialasacha agus uathoibriú chomh maith le caighdeáin cháilíochta gairmiúla, mar chuid de chaighdeáin CESNI thuasluaite.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI na pleananna atá ann le haghaidh feabhsuithe cliste agus inbhuanaithe ar iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar chalafoirt. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a thogra a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú ar reachtaíocht reatha an Aontais i réimse na Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, agus an obair atá déanta ag CESNI sa réimse sin á cur san áireamh agus struchtúr oibríochtúil buan á bheartú do phointe rochtana aonair, d’fhonn comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a fheabhsú, i gcás inar féidir ó thaobh na geografaíochta de, agus tacú freisin le taighde ar athléimneacht aeráide agus ar loingseoireacht chliste. MEASANN SÍ gur cuid riachtanach den iompar ilmhódach iad uiscebhealaí intíre agus calafoirt agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a chomhtháthú san athbhreithniú ar an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte. Ba cheart é a bheith mar aidhm an Treoir a bhunú mar uirlis éifeachtach, lena dtacófaí le hoibríochtaí lastais ilmhódaigh, agus béim ar leith á leagan ar naisc thrasteorann gan uaim agus ar an idir-inoibritheacht, i gcás inar féidir ó thaobh na geografaíochta de, a neartófaí a thuilleadh trí earnáil an iompair ar uiscebhealaí intíre a dhigitiú.

10. MOLANN SÍ sí do na Ballstáit leanúint dá gcomhar agus dlús a chur lena gcomhar maidir le cur chun feidhme agus oibriú comhchuibhithe na Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS), chomh maith le cur chun feidhme rialachán eFTI maidir le faisnéis a bhaineann le hiompar earraí, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann conairí a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

11. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil dúshlán roimh earnáil an iompair ar uiscebhealaí intíre sa mhéid go bhfuil an lucht saothair ag dul in aois agus, dá bhrí sin, nach mór di lucht saothair atá níos éagsúla, níos cothroime ó thaobh aoise agus inscne de a spreagadh chomh maith le hiontrálaithe cliathánacha ó earnálacha eile.

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do na Ballstáit agus don earnáil gníomhú chun láithreacht agus infhaighteacht pearsanra cháilithe san earnáil agus ina gcuid riaracháin a áirithiú freisin trí oideachas agus cáilíochtaí a thabhairt i gcomhréir níos fearr leis an aistriú glas agus digiteach agus, dá bhrí sin, iad a thabhairt chun oiriúnachta do na riachtanais a bheidh amach anseo sa margadh saothair.

13. MOLANN SÍ sí do na Ballstáit straitéisí fadtéarmacha a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus gníomhaíochtaí a chomhordú i gcás inar gá laistigh de ghrúpa saineolaithe NAIADES, agus tógáil ar scéimeanna tacaíochta náisiúnta chun cuspóirí Phlean Gníomhaíochta NAIADES III a bhaint amach.

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an obair a rinneadh laistigh de thionscadal PLATINA3[8] mar chuid de Phlean Gníomhaíochta NAIADES III agus MOLANN SÍ don Choimisiún tacú le tionscadal PLATINA4 ó 2023.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá bearta iomchuí rialála agus airgeadais, chomh maith le hinfheistíochtaí príobháideacha agus poiblí, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon chun Plean Gníomhaíochta NAIADES III a chur chun feidhme agus chun reachtaíocht a bhaineann le hiompar ar uiscebhealaí intíre agus calafoirt a chomhlíonadh, agus cothrom na Féinne á choimeád ag an am céanna. Agus costais na n-ábhar agus an fhuinnimh ag dul i méid go tapa, tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do chistiú don taighde, don nuálaíocht agus do sheasamh an iompair ar uiscebhealaí intíre i bhfad na haimsire, atá dírithe go háirithe ar fheabhas a chur ar an mbonneagar, agus ar nuálaíocht cabhlaigh agus ar astaíochtaí a laghdú freisin.

16. MOLANN SÍ don Choimisiún an méid uile thuas a chur san áireamh agus glaonna breise ar thograí á n-ullmhú aige faoi SCE, Fís Eorpach agus ionstraimí agus cláir eile de chuid an Aontais.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil freagracht ar an earnáil phríobháideach freisin as na spriocanna a bhaineann leis an aistriú módúil, leis an digitiú, leis an gcosaint aeráide agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach agus as rannchuidiú leo agus iarrann sí ar an earnáil dlús a chur lena dtionscnamh i bhfianaise na bhforbairtí atá ann faoi láthair.

18. AIITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na sásraí idirnáisiúnta comhair atá ann cheana agus an saineolas atá ag na coimisiúin loingseoireachta abhann maidir le comhordú trasteorann a dhéanamh ar fhorbairt bhonneagar na n-uiscebhealaí, agus an ról ríthábhachtach atá acu maidir le huiscebhealaí intíre a fhorbairt chun barr a gcumais a bhaint amach.

---

[8] https://platina3.eu/

19. MOLANN SÍ don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe idirnáisiúnta, amhail CCNR, Coimisiún na Danóibe, Coimisiún Idirnáisiúnta Abhantraí Sava, UNECE agus EUSDR, oibriú i gcomhar le chéile chun nascacht a fheabhsú, loingseoireacht gan uaim a áirithiú agus deiseanna nua margaidh a oscailt, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhordú a dhéanamh idir beartais an Aontais agus beartais na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta sin.